Barúlacha Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Roberta Metsola, ag an gComhairle Eorpach
An Bhruiséil, an 17 Deireadh Fómhair 2024

Maidin mhaith.

Is ar an 24 Feabhra 2022 a d'fhreastail mé den chéad uair ar chruinniú den Chomhairle Eorpach mar Uachtarán Pharlaimint na hEorpa. Go dtí sin, bhí sólás áirithe le baint againn, b'fhéidir, as a chreidiúint go raibh línte áirithe ar an léarscáil nach dtrasnódh airm riamh arís. Ach d'athraigh an scéal go hiomlán an lá mífhabhrach úd nuair a d'ionsaigh an Rúis an Úcráin. Is léir dúinn anois nach mór don Eoraip seasamh daingean a ghlacadh i leith nithe áirithe. Ní miste é sin a chur i gcuimhne dúinn féin, anois agus traochadh cogaidh, bolscaireacht na Creimile agus bréagaisnéis dár gcloí gan stad gan staonadh. D'ainneoin sin go léir, tá Eorpaigh fanta géarintinneach maidir lena riachtanaí atá sé seasamh leis an Úcráin. Tá diongbháilteacht na hEorpa ina leith sin fós daingean agus fanfaidh sí daingean.

Tá beagnach 1,000 lá imithe tharainn den fhoghadh in aghaidh na hÚcráine. Cogadh nár iarr muintir na hÚcráine, ach ar thug sí aghaidh air go fíorchróga. Maraíodh an iomarca daoine. Ionsaíodh agus scriosadh an iomarca de bhonneagar criticiúil na hÚcráine. Tá an iomarca leanaí nach raibh in ann filleadh ar an mbaile. Tá an iomarca mac agus iníonacha a chaithfidh an geimhreadh ar an bhfronta.

Leanfaimid orainn ag seasamh leis an Úcráin, agus ní foláir dúinn déanamh amhlaidh. Is gá dúinn chomh maith céanna ár n-iarrachtaí a neartú chun tacú le síocháin a bhaint amach. Síocháin atá fréamhaithe sa tsaoirse; neadaithe sa dínit agus tógtha ar an gceartas. Síocháin nach géilleadh í. Síocháin a chosnaíonn ár luachanna. Murach sin ní fíorshíocháin í ar chor ar bith.

Dá bhrí sin, nuair a labhraímid faoi thodhchaí na hÚcráine agus faoi dheireadh a chur leis an gcogadh uafásach seo, ní mór dúinn a bheith soiléir: ní bhainfear an méid sin amach ach amháin le hÚcráin atá láidir agus ardcheannasach. Sin an fáth a seasann Parlaimint na hEorpa go daingean agus go diongbháilte leis an méid a chreideann sí; sin an fáth ar leagamar béim agus a leagfaimid béim arís agus arís eile ar an méid seo: ní dhéanfar dada faoin Úcráin gan an Úcráin. Sin an chúis chomh maith a leanaimid lenár dtacaíocht do chonairí Eorpacha na Moldóive, na mBalcán Thiar agus na Seoirse agus a leanaimid ag cáineadh, go neamhbhalbh agus trí smachtbhannaí a ghearradh nuair is gá, iarrachtaí leanúnacha na Rúise an réigiún a dhíchobhsú.

Mar sin, nuair a labhraíonn an tUachtarán Zelenskyy faoi cad atá riachtanach do phobal a thíre chun a gcosaint a choinneáil, faoi na lúba ar lár inár smachtbhannaí nach mór iad a dhúnadh, faoin tacaíocht airgeadais, lóistíochtúil, mhíleata agus dhaonnúil is gá chun a mbailte agus a gcathracha a atógáil, ní mór dúinn a bheith ag éisteacht. Agus is maith a thuigeann Parlaimint na hEorpa an méid sin.

Dá bhrí sin, ag tús an téarma reachtaigh seo, ghlacamar rún chun ár dtacaíocht a athdhearbhú. Trí lá ó shin, vótáil ár gCoiste um Thrádáil chun tacú leis an Úcráin le hiasacht eisceachtúil um Chúnamh Macrairgeadais dar luach suas le 35 bhilliún Euro. An tseachtain seo chugainn vótálfaimid air sa suí iomlánach. Táimid bródúil as an obair atá déanta againn, go polaitiúil agus go teicniúil. Agus rinneamar an obair sin go gasta.

Is éard atá i gceist agam ná, domsa agus do Pharlaimint na hEorpa, go bhfuil sé ríthábhachtach teacht anseo inniu agus béim a leagan ar a phráinní atá ár bpléití agus ár gcinntí, agus béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le réitigh a lorg gan ár luachanna a chomhghéilleadh.

Is ionann an scéal maidir lenár malartaí faoin Meánoirthear.

An tseachtain seo caite agus muid in Strasbourg, an 7 Deireadh Fómhair, bliain sa lá a bhí ann ó tharla ionsaithe sceimhlitheoireachta Hamas i gcoinne Iosrael. Níl rud ar bith a thabharfadh údar lenar tharla an lá sin. Bliain dár gcionn, níl maolú ar an ngortú, agus is fíorbheagán giall a scaoileadh saor chun filleadh ar a muintir.

Chuir ionsaithe an 7 Deireadh Fómhar timthriall cogaidh, báis agus léirscriosta sa siúl agus maraíodh na mílte in Gaza. Tá an iomarca leanaí nach sroichfidh an tseanaois. Tá an iomarca leanaí a bhfuil cogadh feicthe acu.

Is tubaiste uafásach dhaonnúil í agus ní foláir dúinn ár n-iarrachtaí a threisiú chun an fhulaingt a mhaolú, nó tá an baol ann go gcaillfear glúin eile.

Is in olcas a d'imigh an scéal le hiarrachtaí trioblóideacha agus díchobhsaithe na hIaráine, réimeas atá ar a dhícheall, le fada an lá, easaontas a chothú ar fud an réigiúin.

Le hais ghéarú an teannais sa Liobáin, lena n-áirítear teannas le Fórsaí Eatramhacha na Náisiún Aontaithe sa Liobáin, tá sé níos gátaraí na riamh teacht ar réiteach inmharthana ar bhonn práinne.

Tá ról ag an Eoraip ina leith, agus níor cheart dúinn a bheith faillíoch.

Tá seasamh Pharlaimint na hEorpa soiléir. Éilímid go scaoilfear saor láithreach gach giall atá fós i ngéibheann agus seasfaimid an fód maidir leis sin. Seasfaimid an fód inár n-éileamh go mbeidh sos comhraic ann. Seasfaimid an fód inár n-iarrachtaí tacú leis an díghéarú. Oibreoimid go dianseasmhach ar mhaithe le fíorshíocháin - síocháin inmharthanach, fhadtéarmach, shollúnta, bunaithe ar dhá Stát - rud a thabharfadh fíordhearcadh don todhchaí do Phalaistínigh agus a thacóidh le slándáil d'Iosrael.

Óir, le linn tréimhsí dá leithéid, tá níos mó i gceist ná síocháin a éileamh. Baineann sé freisin le céimeanna a ghlacadh i dtreo fíor-dhíghéarú nithiúil. Is ionann an scéal agus muid ag trácht ar an tSúdáin. I láthair na huaire, tá an ghéarchéim dhíláithriúcháin is mó ar domhan ag tarlú sa tSúdáin, agus ocras ag leibhéil nach bhfacthas riamh cheana. Is le hidirphlé fiúntach a bhainfear an chonair i dtreo na síochána amach, agus ní féidir sos comhraic inmharthanach a ghnóthú gan an t-idirphlé sin.

Ní féidir linn neamhaird a thabhairt ar iarmhairtí na héagobhsaíochta. Bíonn tionchar ar an Eoraip ag a dtarlaíonn in Oirthear na hEorpa, sa Mheánoirthear, i dTuaisceart na hAfraice nó aon áit eile atá cóngarach dár dteorainneacha. Tá sé sin ríléir go háirithe i réimse na himirce.

Éilíonn sé sin i bhfad níos ná réitigh ghasta. Is saincheist Eorpach í a éilíonn cur chuige Eorpach. Níor cheart d'aon Bhallstát a mhothú go bhfuiltear á fhágáil ina aonar chun déileáil leis na brúnna.

Is bealach chun cinn é an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann - comhshocrú a ghlacamar níos túisce i mbliana, tar éis deich mbliana de sháinn pholaitiúil. Ní bheidh rath air, áfach, más rud é go mbainfimid an bonn, agus muid faoi bhrú ónár thógamar go nuige seo i dteannta a chéile. Má chuirtear bac ar a chur chun feidhme.

Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfimid dlús leis na hiarrachtaí chun an Comhshocrú a chur chun feidhme. Is é sin an réiteach is féidir linn a thabhairt dár bpobail atá faoi bhrú.

An creat a chomhaontaíomar i gcomhpháirt le chéile, a chosnaíonn ár dteorainneacha, ach atá cóir agus cothrom dóibhsean atá i dteideal na cosanta sin, atá daingean leosan nach bhfuil i dteideal na cosanta ach a chaithfear a fhilleadh go sábháilte agus go pras, agus atá dian ar na líonraí gáinneála, lena n-áirítear stáit urchóideacha amhail an Rúis agus an Bhealarúis a úsáideann bagairtí hibrideacha, a thagann i dtír ar dhaoine leochaileacha agus a úsáideann an imirce mar arm.

Ní mór dúinn a bheith glic maidir leis na bagairtí hibrideacha sin. Ní foláir dúinn freagairt dóibhsean a fhéachann le mí-úsáid a bhaint as na córais a chuireamar ar bun chun cuidiú leis an gcine daonna, i gcoinne na ndaoine céanna ar bunaíodh na córas sin chun iad a chosaint. Is féidir linn déanamh amhlaidh laistigh de pharaiméadair ár luachanna agus ár gcreataí dlíthiúla.

Mar sin, is gá dlús práinneach a chur le filleadh na n-iarrthóirí tearmainn ar féidir iad a fhilleadh go sábháilte agus go sciobtha. Ar an gcaoi sin is féidir linn acmhainní a sholáthar dóibhsean a bhfuil fíorghá acu leo. Ar an gcaoi sin is féidir linn an brú sochaíoch agus polaitiúil atá orainn go léir a mhaolú.

Tá Parlaimint na hEorpa ullamh gach rud ar a cumas a dhéanamh chun cuidiú libh sa phróiseas sin. Is gá dúinn seans a thabhairt do Chomhshocrú an Aontais maidir le Tearmann - chun é a chur chun feidhme, fiú é a chomhlánú nuair is gá. Thug an Pharlaimint dá haire cheana féin litir an Uachtaráin von der Leyen - a chuirfidh tús maith lenár bplé. Tuigimid freisin go mb'fhéidir go dtiocfaidh moltaí ón gCoimisiún agus táimid toilteanach agus ullamh ár gcion a dhéanamh.

Tá an comhoibriú lárnach san iarracht sin. Réiteach Eorpach an t-aon fhíor-réiteach - réiteach atá leathan, iomlánaíoch agus inmharthana. Óir, ní áiritheofar sláine ár limistéar Shengen gan cur chuige comhordaithe Eorpach.

Táim lánchinnte go mbeidh na saincheisteanna sin lárnach i bpróiseas grinnscrúdaithe Pharlaimint na hEorpa le haghaidh na gCoimisinéirí Ainmnithe nua a d'imigh i mbun oibre go díograiseach, agus beidh na chéad éisteachtaí ag tosú an 4 Samhain.

Déanfaidh an Pharlaimint a cion, beimid lándáiríre faoin bpróiseas agus tá súil agam go mbeidh ar ár gcumas Coláiste nua a fhaomhadh a thosóidh ag tús mhí na Nollag.

Go raibh maith agaibh.